



Taisteal agus tornapaí

Seán: Bhuel a Jeaic, is fada ó bhí mé ag caint leat. Conas atá ag éirí leat? Tá tusa sa dara bliain san ollscoil anois, nach bhfuil?

Jeaic: Bhuel a Sheáin, is trua nach bhfeicimid a chéile ach ar na hócáidí teaghlaigh seo. Is ea, táim ag déanamh staidéir ar an bhFraincis agus ar an Spáinnis i Londain. Taitníonn an cúrsa liom.

S: Is maith sin. Bhí bua na dteangacha agat i gcónaí – is cuimhin liom na turais champála a dhéanaimis lenár muintir agus muid óg. Bhí tusa breá ábalta ar na *croissants* agus na *baguettes* a ordú i bhFraincis líofa, bail ó Dhia ort!

J: Is fíor duit, a Sheáin, thaitin na teangacha agus na *croissants* liom i gcónaí!

S: An mbeidh deis agat tréimhse a chaitheamh ar Erasmus sa Fhrainc an bhliain seo chugainn?

J: Ba bhreá liom dá mbeadh, ach ó d'fhág an Bhreatain an tAontas Eorpach níl an deis sin againn a thuilleadh.

S: Á, bhí sin dearmadta agam – go hainnis ar fad!

J: Go hainnis, leoga. Chuir rialtas na Breataine scéim eile ar bun le haghaidh mic léinn ar mian leo seimeastar nó dhó a chaitheamh thar lear – an scéim Turing a thugtar uirthi – ach níl sí thar mholadh beirte agus ní bhacfaidh mé léi. Táim in éad libhse in Éirinn a fhaigheann an maoiniú Erasmus go fóill.

S: Tá an ceart agat – tá an t-ádh dearg orainn. Bhain mé féin an-tairbhe as an mbliain a chaith mé in Frankfurt anuraidh. Cé nár smaoinigh mé mórán ar an Aontas Eorpach roimhe sin, is cinnte gur buntáiste mór dúinn an bhliain Erasmus.

J: Is ea, agus ná déan talamh slán de – bhí mise ró-óg chun vóta a chaitheamh sa reifreann ar an mBreaitimeacht in 2016, faraor, agus mo leithéidí atá thíos leis anois.

S: Ón méid a thugim, tá an Bhreatain ar fad thíos leis, nach bhfuil?

J: Tá go deimhin. Is daoine óga a bhfuil fonn orthu a bheith ag taisteal agus ag obair ar an Mór-Roinn is mó atá buailte, dar liom. Ach tá an rud ina phraiseach don tír go léir, gan dabht.

S: An fíor gur mhol aire rialtais éigin daoibh tornapaí a ithe le linn an gheimhridh seachas a bheith ag brath ar bhia iompórtáilte?

J: An ceart agat – bhí ganntannas glasraí agus torthaí ann. Cé go maítear nach raibh baint dhíreach ag an mBreaitimeacht leis an scéal, ní haon chúnamh é ach an oiread. Cuireann sé castacht i ngach scéal agus tarraingíonn sé breis trioblóide orainn. Tá breis srianta ar an trádáil leis an Eoraip anois, cuir i gcás.



S: Bhuel, is maith an rud é gur Éireannaigh atá i do sheantuismitheoirí agus go bhfuil pas Éireannach agat mar sin!

J: Is fíor duit – ach mar sin féin táim bródúil as mo dhúchas Briotanach!